

# Eleathanach350

Dé Luain 11 Bealtaine 2020

## Meiriceánaigh Dhúchasacha agus na hÉireannaigh: scéal a mhaireann na blianta!

Le tamall anuas, bhí na Meiriceánaigh Dhúchasacha faoi bhrú leis an gcoróinvíreas, agus sheol Éireannaigh agus daoine ó thíortha eile airgead chucu. Agus iad ag gabháil buíochais leis na daoine uile, mhol na Meiriceánaigh Dhúchasacha muintir na hÉireann go háirithe. Tá nasc speisialta eadrainn le 170 bliain anuas.

Le linn an Ghorta Mhóir (1845-1849), bhí muintir na hÉireann ag fáil bháis den ocras agus chuaigh a lán daoine go Meiriceá ar longa. Sa bhliain 1847 chuala treibh de na Meiriceánaigh Dhúchasacha faoin nGorta. Is é Choctaw ainm na treibhe. Cé go raibh siad féin faoi bhrú agus go raibh orthu bogadh ó áit go háit i Meiriceá, bhailigh siad €170 le seoladh go hÉirinn.

Trí bliana ó shin, tháinig grúpa ón treibh go hÉirinn mar go raibh píosa ealaíne speisialta i gCorcaigh in omós don Choctaw. Thug an t-ealaíontóir, Alex Pentek, an t-ainm 'Kindred Spirits' ar an bpíosa ealaíne. Tá naoi gcleite ann agus tá siad go léir difriúil óna chéile. Mar a deir an seanfhocal: an té a dhéanann maith, faigheann sé maith.



cleite



## Piongainí ag siúl timpeall sa zú

Sa zú i Singapór, níl cead ag daoine dul ar cuairt faoi láthair, ar ndóigh. Ach tá cead ag na piongainí siúl timpeall na háite! Is piongainí Afracacha iad, agus den chuid is mó, bíonn siad faoi ghlas ina n-áit féin. Anois, tá cead acu bheith ag súgradh i gclós súgartha na bpáistí sa zú.

Tá dealbha de róna sa zú freisin. Bhí na piongainí ag siúl timpeall ar na dealbha seo. Ansin rinne na coimeádaithe cúrsa bacainní do na piongainí. Ar dtús, níor thug na piongainí cad a bhí le déanamh acu, ach ansin thosaigh siad go léir ag glacadh páirte agus iad ag dreapadh thar na dealbha.

## Leabhair ar líne

Tá an-chuid áiseanna ar fáil ar líne agus nuair atá orainn fanacht sa bhaile bíonn sé deas rud nua a fheiceáil. Tá neart ábhar curtha ar fáil ag Glór na nGael ar *YouTube* <https://www.youtube.com/channel/UCzFNbOYPlIH-dZxqF4CtVzw>

Ina measc, tá scéalta Gaeilge ann. Tá an leabhar 'Luch sa Rang' ar YouTube agus tá sé sin taitneamhach anois, nuair nach bhfuil aon duine sna seomraí ranga!

Tá cúpla físeán aclaíochta agus ceardaíochta ann freisin agus neart le foghlaim uathu.

Tá tráth na gceist ann fosta. Má tá eolas agat ar ainm an mhadra ó *The Wizard of Oz*, beidh freagra amháin ar a laghad i gceart agat!

Glór na nGael

Luch sa Rang

